Feachtas
Óg-Ghluaiseacht Ghaeilge

**Uimhir Charthannachta: 20052508**

# Misean, Fís, agus Luachanna Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge

## Athbhreithnithe agus athfhaomhaithe 14.10.2019

## Misean:

An Ghaeilge a chur chun cinn go sóisialta i measc daoine óga agus tacú lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta trí chlár fiúntach, taitneamhach agus dúshlánach a chur ar fáil i gcomhpháirt leis na daoine óga.

## Fís:

Go spreagtar daoine óga, trí rannpháirteachas in imeachtaí Feachtas, bheith féinmhuiníneach, gníomhach agus bródúil as an nGaeilge agus go mbeidh pobal na Gaeilge agus sochaí na ?re i gcoi@nne níos saibhre dá bharr.

## Luachanna:

Tá na luachanna seo ag croílár na hidirghníomhaíochta agus na hoibre a dhéanann muid ar bhonn laethúil in Feachtas:

## An Ghaeilge

Is eagras Gaeilge muid. Is í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i ngach gné dár gcuid oibre.

## Daoine deonach

Is eagras deonach muid faoi s@úir choiste dheonaigh. Dá bharr sin ní dhéantar aon bhrabús. Caitear gach airgead a thagann isteach ar chur i bhfeidhm an chlár oibre.

## Rannpháirteachas

Tá rannpháirteachas deonach daoine óga ag croílár obair óige Feachtas. Lorgaíonn muid i gcónaí go nglacann daoine óga páirt ghníomhach in imeachtaí agus cúrsaí na heagraíochta ar a gconlán féin. Roghnaíonn siad bheith páirteach chun bualadh le cairde nua, spraoi a bheith acu, a scíth a ligean agus scileanna nua a Hoghlaim – agus gach rud trí mheán na Gaeilge.

## Cumhachtú

Oibríonn muid go dian chun go bhfoghlaimeoidh na daoine óga, oibrithe deonacha agus foireann Feachtas scileanna nua ionas go mbeidh siad in ann @onchar dearfach a imirt ar scoil, ina bpobail féin, agus i sochaí na nGaeilge agus sochaí na ?re i gcoi@nne. Anuas air sin, tá sé mar aidhm againn tuiscint a thabhairt ar chearta teanga agus cur ar chumas na ndaoine óga páirt gníomhach a bheith acu i saol na nGaeilge.

## Meas

Léirítear meas ar gach duine óg agus gach ball foirne in Feachtas. Tá meas ar gach duine aonair agus a gcuid láidreachtaí, suimeanna agus pearsantachtaí ar leith. Déanann foireann Feachtas gach iarracht ionracas, dearcadh dearfach, comhoibriú, féinmheas agus meas ar a chéile a léiriú ina gcuid oibre.

## Forbairt

Leagann muid béim faoi leith ar Horbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig in Feachtas. Cuirtear clár fiúntach, taitneamhach agus dúshlánach ar fáil i gcomhpháirt leis na daoine óga, a bhfuil sé de sprioc aige scileanna agus eolas a sheachadadh ar bhonn céimnitheach.

## Timpeallacht shábháilte chompórdach

Déantar gach uile iarracht @mpeallacht shábháilte chompórdach a chur ar fáil chun sábháilteacht Hisiciúil agus mhothúchánach daoine óga a chosaint. Tá muid @ománta do chosaint, do shláinte agus d'Holláine an duine óig a ghlacann páirt i gcláir agus in imeachtaí na heagraíocht

## Comhionannas

Cuireann muid an comhionannas chun cinn inár gcuid oibre agus léirítear an meas céanna ar gach duine óg. Bíonn Feachtas ag dréim le heispéireas fiúntach a chur ar fáil do dhaoine óga ó gach cúlra sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch.

## Ilchineáltacht

Tá gach duine óg éagsúil óna chéile, le mianta, tuairimí agus riachtanais éagsúla. Aithnítear é seo in Feachtas agus déantar ceiliúradh air. Cuireann muid fáilte roimh gach duine óg a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.